An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

# Clár Oibre 2026









# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Réamhrá** | **4** |
| **2.** | **Fís, Sainordú agus Luachanna** | **5** |
| **3.** | **Tosaíochtaí Straitéiseacha 2025-2027** | **6** |
| **4.** | **Ár Straitéis a Chur i bhFeidhm: Clár 2026** | **7** |
| | Tosaíocht Straitéiseach 1: Comhlíonadh a Mhéadú agus Tacú Leis | 7 |
| | Tosaíocht Straitéiseach 2: Tionchar, Oideachas agus Comhoibriú | 9 |
| | Tosaíocht Straitéiseach 3: Barr Feabhais Eagraíochtúil | 11 |
| **5.** | **Ár dTionchar a Thomhas** | **13** |





Arna fhoilsiú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, The Metropolitan Building, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.


© Gach ceart ar cosaint.

# 01 Réamhrá



**Mark Cullen**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

**Tá áthas orm an Clár Oibre seo le haghaidh 2026 a chur i láthair, arb é an dara ceann de thrí chlár bhliantúla a thabharfaidh éifeacht d'uaillmhian agus d'intinn ár Ráiteas Straitéise 2025-2027.**

Ag cur leis an móiminteam a baineadh amach in 2025, leagann an clár seo amach réimse tionscnamh ar fud ár sainorduithe a chuirfidh ár bhfís chun cinn maidir le saolta oibre sláintiúla agus sábháilte, seirbhísí rialála agus creidiúnaithe láidre, agus tacú le fiontair bheoga.

Forbraíodh an Clár Oibre seo i gcomhthéacs níos leithne luaineachta agus athraithe eacnamaíoch, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta araon. Tá sé de dhualgas ar chomhlachtaí seirbhíse poiblí a léiriú, níos mó ná riamh, go bhfuil an t-aclaíocht straitéiseach acu chun freagairt do dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus do theicneolaíochtaí suaiteacha, agus iad ag díriú ar na torthaí atá beartaithe againn a bhaint amach don phobal. I dteannta ár gcomhpháirtithe uile-Rialtais agus Eorpacha, leanfaidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta de bheith ag tacú le fás tírdhreacha eacnamaíoch nuálaíoch, seasmhach, sábháilte agus táirgiúil in 2026.

In 2026, cuirfimid réimse cuimsitheach gníomhaíochtaí i gcrích a léireoidh doimhneacht agus éagsúlacht ár sainordaithe. Cé go ndéanfar gníomhartha a sheachadadh agus a thomhas ar bhealaí éagsúla, beidh siad treoraithe ag fianaise, bunaithe ar riosca agus léireoidh siad ár luachanna maidir le bheith dírithe ar thorthaí, comhoibriú, freagrúlacht agus eitic.

Is téama lárnach í an chomhpháirtíocht ar fud ár gClár Oibre 2026. Is í bunchloch ár sainorduithe sláinte ceirde agus sábháilteachta ceirde i mbliana ná clár comhlíonta cuimsithe a sheachadadh. Mar chuid den chlár sin, úsáidfear réimse beart – ó chigireachtaí bunaithe ar fhianaise go feachtais feasachta poiblí – chun cabhrú le torthaí feabhsaithe sláinte agus sábháilteachta a bhaint amach i ngach earnáil den gheilleagar. I gcás inar gá, cuirfimid maoir faoi dhliteanas trí fhorfheidhmiú. I ngach cás, beidh ról lárnach ag ár gcomhpháirtithe sa tionscal maidir lenár dtiomantas comhroinnte do chleachtais oibre shábháilte a bhaint amach. In 2026, tacófar leis an gcur chuige sin trí phleananna gníomhaíochta ár gComhpháirtíochta um Shábháilteacht Tógála, ár gComhpháirtíochta um Shábháilteacht Feirme agus ár gCoistí Comhairleacha um Shláinte agus Cúram Sóisialta a chur i bhfeidhm, chomh maith le comhoibriú níos leithne le páirtithe leasmhara in earnálacha ardriosca eile.

Faoinár sainorduithe maidir le ceimiceáin agus faireachas margaidh, cuirfimid réimse éagsúil feidhmeanna údaráis inniúla i gcrích in 2026. Síneoidh sé sin ó chlár cuimsitheach cigireachta ceimiceach, a dhíríonn ar shubstaintí ardriosca agus ar ghníomhaíochtaí ardriosca, go dtí saineolas teicniúil a sholáthar chun tacú le hathchóiriú leanúnach ar rialacháin cheimiceán an Aontais Eorpaigh. Tacóidh sé sin le hiomaíochas méadaithe agus le próisis chomhlíontachta shimplithe agus cosaintí le haghaidh shláinte an duine agus an chomhshaoil a choinneáil ag an am céanna.

Cuirfear lenár gcuid oibre leanúnaí i bhfaireachas margaidh lenár n-ainmniú mar údarás inniúil faoin Acht um Intleacht Shaorga an Aontais Eorpaigh. Réimse straitéiseach a leagfar béim air in 2026 a bheidh i dtuiscint, réamh-mheas agus comhlíonadh na bhfreagrachtaí nua sin, mar chuid de chreat uile-Rialtais.

Is bliain ríthábhachtach í an bhliain seo freisin le haghaidh Bhord Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann, agus é ag dul faoi mheasúnú piaraí sceidealta agus ag dul isteach sa bhliain dheireanach den Straitéis reatha um Chreidiúnú.

Chuige sin uile, beidh na daoine cearta, a bhfuil na scileanna cearta acu, ag teastáil, chun oibriú le chéile chun ár n-uaillmhianta comhroinnte a bhaint amach. Leanfaidh ár dtiomantas don nuálaíocht agus don fheabhsú leanúnach ar aghaidh ar scála mór in 2026, agus beidh tacaíocht dár ndaoine mar chroílár de. Beidh cur i gcrích na gcéimeanna atá fágtha dár n-ardán bainistithe cásanna Córas ina cholún lárnach de sin, mar chuid dár gclár athchóirithe TFC níos leithne, rud a fheabhsóidh an chaoi a ngabhaimid, a dtuigimid agus a n-úsáidimid sonraí tábhachtacha. Ina theannta sin, cuíchóireofar agus simpleofar an chaoi a gcomhlíonann maoir a n-oibleagáidí rialála trí fhorbairt a dhéanamh ar ár dtairseacha ar líne atá os comhair an phobail.

In 2026, forbróimid ár gcur chuige maidir le torthaí níos leithne ár gcuid oibre a thomhas. Tríd an tsamhail seo a fhorbairt, cuirfear ar ár gcumas léiriú a dhéanamh ar an gcaoi a thacaíonn ár raon casta gníomhartha comhlíontachta, for-rochtana, comhairleacha agus beartais i dteannta a chéile le torthaí straitéiseacha soiléire maidir le hoibrithe sábháilte agus obair shábháilte.

Ar deireadh, agus Éire ag ullmhú chun Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh a shealbhú sa dara leath de 2026, glacfaimid leis an deis chun naisc a neartú agus comhpháirtíochtaí a dhoimhniú lenár gcomhúdaráis inniúla, in Éirinn agus san Eoraip araon.

**Mark Cullen**

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta*

# 02 Fís, Sainordú agus Luachanna

## Fís

**Saol oibre sláintiúil agus sábháilte a sholáthar agus cur le fiontair tháirgiúla.**
Sábháilteacht, sláinte agus leas a bhaineann leis an obair agus úsáid shábháilte ceimiceán agus táirgí a rialáil, a fhorfheidhmiú agus a chur chun cinn; agus an tseirbhís creidiúnaithe náisiúnta a chur ar fáil.

## Sainordú

- Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a rialáil.
- Tionchar a imirt ar fheabhsú shábháilteacht, shláinte, agus leas na ndaoine ag an obair agus na ndaoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu.
- Déantúsaíocht, úsáid, cur ar an margadh, trádáil, soláthar, stóráil agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil is a chur chun cinn.
- Faireachas Margaidh i dtaca le reachtaíocht ábhartha mhargadh aonair na hEorpa a neartú.
- A bheith ar an gcomhlacht náisiúnta creidiúnaithe d'Éirinn.

## Ár bPRÍOMHluachanna

**Comhoibriú:**
Is eagraíocht duine-lárnach muid a bhíonn ag éisteacht, ag dul i gcomhairle agus ag comhoibriú le fostaithe, fostóirí, páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe.

**Béim ar thorthaí:**
Leagaimid béim lenár gcuid oibre go léir ar thorthaí níos fearr a bhaint amach.

**Freagrúlacht:**
Is eagraíocht forchéimnitheach muid a spreagann feabhsú leanúnach trí nuálaíocht. Bainimid úsáid as sonraí chun bonn eolais a chur faoinár ngníomhartha, agus déanaimid na foghlaimí a mheas agus a chomhroinnt.

**Eitic:**
Cloímid leis na caighdeáin ghairmiúla, rialachais agus eiticiúla is airde. Tuillfimid muinín trí fhreagracht a léiriú agus ár seirbhísí a sheachadadh ar bhealach dian, comhsheasmhach agus cothrom.

# 03 Tosaíochtaí Straitéiseacha 2025-2027



# 04 Ár Straitéis a Chur i bhFeidhm: Clár 2026

## Tosaíocht Straitéiseach 1:

# Comhlíonadh a Mhéadú agus Tacú Leis

COMHLÍONADH A MHÉADÚ AGUS TACÚ LEIS

**Cultúr comhlíonta, comhoibrithe agus dea-chleachtais a dhaingniú.**

### Na réimsí is mó riosca inar féidir linn an tionchar is mó a imirt a aithint agus béim a leagan orthu

In 2026, bainfimid na nithe seo a leanas amach:

- Clár cuimsitheach cigireachtaí sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre atá bunaithe ar riosca agus atá faoi stiúir fianaise a sheachadadh i ngach earnáil den gheilleagar.
- Freagairt go cuí do theagmhais thromchúiseacha, gearáin agus éigeandálaí san ionad oibre.
- Úsáid a bhaint as sonraí chun earnálacha sonracha a bhfuil na rioscaí sláinte agus sábháilteachta is airde ag baint leo a aithint, agus freagairt le raon spriocdhírithe d'idirghabhálacha forfheidhmithe, comhlíontachta agus múscailte feasachta.
- Léargais agus cuspóirí ár bpleananna gníomhaíochta maidir leis an gComhpháirtíocht um Shábháilteacht Tógála, an Chomhpháirtíocht um Shábháilteacht Feirme agus an Choiste Chomhairligh um Shláinte agus Cúram Sóisialta a úsáid chun bonn eolais a chur faoin ár gcur chuige bunaithe ar riosca.
- Mar aon leis na hearnálacha tógála, talmhaíochta agus cúram sláinte, díreoimid ar roinnt earnálacha ardriosca eile le haghaidh cigireachtaí sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre, lena n-áirítear déantúsaíocht, fóntais, calafoirt, cairéil agus tionscail dramhaíola.
- Cigireachtaí spriocdhírithe a dhéanamh ar shláinte agus sláinteachas ceirde ar fud earnálacha tábhachtacha, agus béim a chur ar ghníomhairí ceimiceacha, bitheolaíocha agus fisiceacha, mar aon le faireachas sláinte agus garchabhair.
- Leanúint orainn de mheasúnú a dhéanamh ar ár bpróisis chun a chinntiú go ndéantar rioscaí síceasóisialta a rialáil ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus comhréireach.
- Páirt a ghlacadh i bhfeachtais fhorfheidhmithe agus comhlíontachta an Aontais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta agus tacú leo.
- Oibriú lenár n-údaráis chomhpháirtíochta Eorpacha agus leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) chun ról ceannródaíoch a ghlacadh i dtaca le tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm na Straitéise Eorpaí um Cheimiceáin maidir le húsáid shábháilte agus inbhuanaithe ceimiceán. In 2026, bainfidh ár saineolaithe teicniúla an méid seo a leanas amach:
  - Cabhrú le guaiseacha a bhaineann le substaintí ceimiceacha a aithint
  - Comhoibriú le húdaráis inniúla eile i bhforbairt tuairimí eolaíocha maidir le substaintí ceimiceacha a d'fhéadfadh a bheith guaiseach.
- Clár cuimsitheach cigireachtaí bunaithe ar riosca a sheachadadh a dhíríonn ar láimhseáil, stóráil agus iompar substaintí contúirteacha. In 2026, áireofar leis sin idirghabhálacha ag stáisiúin pheitril agus ag áiseanna cúram sláinte freisin.
- Leanúint d'fhaireachas margaidh a dhéanamh ar tháirgí tionsclaíocha agus ceimiceacha. In 2026, áireofar leis sin rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí forfheidhmithe ar fud an Aontais Eorpaigh a dhíríonn ar tháirgí ceimiceacha ardriosca; agus rannpháirtíocht leanúnach i dtionscadail chomhchuibhithe an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear trealamh cosanta pearsanta (TCP) d'oibrithe.
- Tuarascálacha sábháilteachta a mheasúnú, mionathruithe suntasacha a mheas agus comhairle pleanála talamhúsáide a sholáthar d'eagraíochtaí a thagann faoi na Rialacháin um Rialú ar Ghuaiseacha Mórthionóiscí (COMAH).

## Tacaíocht a thabhairt maidir le comhlíonadh agus é á fhorfheidhmiú nuair is gá

In 2026, bainfimid na nithe seo a leanas amach:

- Maoir a thabhairt chun cuntais trí úsáid a bhaint as ár raon iomlán cumhachtaí forfheidhmiúcháin, agus d'fhéadfaí ionchúisimh a mholadh nuair is gá a áireamh leis sin.
- Monatóireacht, measúnú agus imscrúdú a dhéanamh ar threochtaí reatha i dteagmhais mharfacha agus thromchúiseacha san ionad oibre, agus freagairt de réir mar is iomchuí trí chigireachtaí, treoir agus gníomhartha forfheidhmiúcháin nuair is gá.
- Leanúint de chur chuige atá dírithe ar an íospartach a chur i bhfeidhm agus teagmhais thromchúiseacha san ionad oibre á n-imscrúdú.
- Sraith ghníomhaíochtaí bunaithe ar fhianaise a dhearadh agus a sheachadadh chun torthaí feabhsaithe sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn in earnálacha tábhachtacha, lena n-áirítear fáilteachas, seirbhísí airgeadais, an earnáil phoiblí, oideachas, na healaíona, cothabháil feithiclí mótair agus earnálacha eile.
- Díriú ar idirghníomhú le fostóirí móra il-láithreáin, d'fhonn comhsheasmhacht, soiléireacht agus ardchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta a chinntiú ar fud na suíomhanna uile.
- Cur chun cinn a dhéanamh ar ár sraith uirlisí tacaíochta comhlíontachta, lena n-áirítear BeSMART, WorkPositive, agus HSALearning.ie, agus iad a neartú.
- Mar chuid de Straitéis Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú, 2022-2026, líon na gComhlachtaí Measúnaithe Comhréireachta creidiúnaithe in Éirinn a mhéadú chun freastal ar an éileamh, agus chun tacú le tionscal na hÉireann.

## A bheith fadcheannach agus faire na fáistine a dhéanamh le haghaidh saincheisteanna agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn

In 2026, bainfimid na nithe seo a leanas amach:

- Oibriú i gcomhar lenár gcomhpháirtithe ar fud earnáil phoiblí na hÉireann chun dúshláin amach anseo a thuiscint, rioscaí atá ag teacht chun cinn a réamh-mheas, agus cur le dearadh freagairtí beartais uile-Rialtais.
- Beidh ár bpróisis faire na fáistine mar bhonn leis seo, a úsáidfidh sonraí agus fianaise reatha chun réimsí tosaíochta taighde a shainiú, agus forbairtí i saol na hoibre amach anseo a réamh-mheas.
- Oibriú i gcomhar lenár gcomhpháirtithe Eorpacha, trí ECHA, an Coimisiún Eorpach agus fóraim iomchuí eile, chun dúshláin rialála atá ag teacht chun cinn a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.
- An córas fógra aispeiste ar líne a chur chun cinn chun tacú le héifeachtúlacht mhéadaithe le haghaidh gnólachtaí, agus comhlíonadh doiciméadach a sheiceáil i gcoinne na treorach reatha agus na gcaighdeán tionscail.
- Córais fógra fheabhsaithe a chur chun cinn maidir le galair cheirde, ag obair le páirtithe leasmhara sa chúram sláinte chun conairí a fhorbairt chun faisnéis a bhailiú faoi ghalair cheirde, agus chun bonn eolais a chur faoinár gclár sláinte cheirde.
- Trínár rannpháirtíocht cheannródaíoch i bhFeachtas EU-OSHA um Áiteanna Oibre Sláintiúla 2026–2028, díreoimid ar rioscaí meabhairshláinte agus síceasóisialta ag an ionad oibre.



## Tosaíocht Straitéiseach 2:

# Tionchar, Oideachas agus Comhoibriú

TIONCHAR, OIDEACHAS AGUS COMHOIBRIÚ

**Tionchar a imirt ar pháirtithe leasmhara, oideachas a chur orthu agus comhoibriú leo, lena chinntiú go bhforbraítear saineolas cuí, go maolaítear rioscaí laistigh dár sainchúram, agus go gcosnaítear an tsochaí.**

### Príomhtheachtaireachtaí a dhíriú ar fhiontair bheaga, ar oibrithe féinfhostaithe agus leochaileacha

In 2026, bainfimid na nithe seo a leanas amach:

- Tionscnaimh agus idirghabhálacha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm atá oiriúnaithe do riachtanais fiontar beag agus meánmhéide, daoine féinfhostaithe, agus oibrithe leochaileacha, lena n-áirítear treoir spriocdhírithe atá earnáil-shonrach.
- Straitéisí cumarsáide agus tionscnaimh for-rochtana poiblí a fhorbairt chun tacú lenár ngníomhaíochtaí rialála agus forfheidhmithe, ag díriú ar na réimsí a bhfuil an riosca is airde iontu.
- Na hacmhainní atá ar fáil d'ionadaithe sábháilteachta san ionad oibre a leathnú, lena n-áirítear faisnéis faoi rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair.
- Creat sláinte cheirde a thabhairt isteach chun treoir a thabhairt d'fhostóirí agus do pháirtithe leasmhara tábhachtacha eile.

### Tionchar réamhghníomhach a imirt ar bheartas agus ar reachtaíocht trí úsáid a bhaint as ár saineolas

In 2026, bainfimid na nithe seo a leanas amach:

- Leanúint de shaineolas teicniúil a sholáthar don Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta i bhforbairt rialachán sláinte agus sábháilteachta ceirde nua i roinnt réimsí, lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite; foirgníocht; carcanaiginí, só-ghineacha agus substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh; aispeist; agus trasuí Threoir Ardáin an Aontais Eorpaigh i ndlí intíre.
- Páirt ghníomhach a ghlacadh i gCoiste Cigireachta Saothair Sinsearach an Aontais Eorpaigh agus sa Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte agus i ngrúpaí oibre gaolmhara, chun a chinntiú go bhfanfaidh Éire ina guth lárnach i bhforbairt beartais agus rialála sláinte agus sábháilteachta ceirde ag leibhéal an Aontais Eorpaigh.
- Saineolas teicniúil a sholáthar chun tacú le hathchóiriú rialacháin cheimiceán an Aontais Eorpaigh, a fhéachfaidh le cothromaíocht a bhaint amach idir samhail rialála chuíchóirithe a chruthú agus an gá atá le sláinte an duine a chosaint.
- Fóram Cliant a reáchtáil le haghaidh na gComhlachtaí Measúnaithe Comhréireachta creidiúnaithe ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú. Ina theannta sin, tacóimid le Comórtas Tomhais Anailíseach Eurachem (CTAE).

### Cultúr comhoibrithe le tionscal, páirtithe leasmhara agus soláthraithe oideachais a fhorbairt

In 2026, bainfimid na nithe seo a leanas amach:

- Deiseanna chun eolas a mhalartú lenár gcomhpháirtithe san earnáil phoiblí a uasmhéadú, d'fhonn ár léargais a leathnú agus chun tacú le gníomhaíocht oibre shábháilte agus tháirgiúil.
- Comhoibriú le páirtithe leasmhara seachtracha chun eolas speisialaithe a fhorbairt, saineolas a roinnt, agus bonn eolais níos fearr a chur faoi na hacmhainní a chuirimid ar fáil d'fhostóirí.
- Torthaí foghlama sláinte agus sábháilteachta ceirde a bhunú le haghaidh soláthraithe oideachais agus le haghaidh ionad oibre.

- Deiseanna a úsáid chun comhoibriú lenár gcomhpháirtithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh rochtain a fháil ar eolas agus saineolas speisialaithe, leas a bhaint as an taighde teicniúil agus eolaíoch is déanaí, agus tionchar a imirt ar phríomhtheachtaireachtaí agus iad a leathnú trína líonraí AE.
- Tacú leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta ina cuid oibre mar chuid d'athchóiriú agus simpliú rialacháin cheimiceán an Aontais Eorpaigh.
- Oibriú le páirtithe leasmhara chun feasacht agus tuiscint a mhúscailt maidir leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) agus an Cód Cleachtais maidir le Trucailí Tionsclaíocha.



## Tosaíocht Straitéiseach 3:

# Barr Feabhais Eagraíochtúil

BARR FEABHAIS EAGRAÍOCHTÚIL

**Eagraíocht uaillmhianach, eiticiúil, aschur-dhírithe, nuálach agus sonraí-shaibhrithe, a chuireann ar chumas ár ndaoine ár sainordú a chur i gcrích.**

### Déan cinnte go bhfuil na scileanna cearta ag an Údarás don todhchaí

In 2026, bainfimid na nithe seo a leanas amach:

- Leanúint orainn ár bpróiseas earcaíochta a bhainistiú lena chinntiú go meallaimid agus go gcoinnímid iarrthóirí a bhfuil na scileanna agus an taithí acu a theastaíonn uainn chun ár sainordú a chomhlíonadh.
- Cláir foghlama agus forbartha fhairsinge a chur ar fáil dár ndaoine uile, atá saincheaptha chun tacú leo ina róil shonracha, ó scileanna teicniúla agus TF go forbairt bainistíochta agus ceannaireachta.
- Athbhreithniú, nuashonrú agus neartú a dhéanamh ar ár gclár forbartha cigirí lárnacha.
- Oibriú le heagraíochtaí eile chun deiseanna a fhiosrú le haghaidh oiliúna comhpháirtí agus comhroinnt eolais, lena n-áirítear i réimsí tábhachtacha amhail scileanna imscrúdaithe agus rialáil na hintleachta saorga.
- Cur le rath ár gClár Acadamh Ceannaireachta in 2025 trí fheabhsuithe a chur i bhfeidhm ar fud raon réimsí eagraíochtúla, agus béim á leagan ar na príomhthéamaí a sainaithníodh inár suirbhé ar Obair Dhearfach.

### A bheith nuálach agus sofhreagrúil,

In 2026, bainfimid na nithe seo a leanas amach:

- Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar ár gcreat bainistíochta riosca reatha, chun a chinntiú go n-aithneofar agus go maolófar dúshláin nó baic fhéideartha go pras
- Prionsabail ISO9001 a ionchorprú inár n-oibríochtaí d'fhonn tacú le dea-chleachtas, comhsheasmhacht, díriú ar chustaiméirí agus feabhsú leanúnach.
- Deiseanna a fhiosrú chun leas a bhaint as intleacht shaorga ar bhealach réamhghníomhach agus slán chun éifeachtúlachtaí a mhéadú inár ngníomhaíochtaí laethúla, i gcomhréir le treoirlínte na hearnála poiblí.
- A chinntiú go bhfuil an tÚdarás ullamh le haghaidh éigeandála móire nó teagmhais ghéarchéime trí chreat seasmhachta a leabú isteach a chinnteoidh leanúnachas gnó, bainistiú géarchéime agus téarnamh ó thubaiste.
- Cur i bhfeidhm gairmiúil agus nuálach chlár uachtaránachta an Údaráis ar an Aontas Eorpaigh a éascú, le himeachtaí a eagrófar de réir an chaighdeáin is airde, lena dtaispeánfar na suíomhanna, na saoráidí agus na deiseanna rannpháirtíochta is fearr do chuairteoirí ó ar fud na hEorpa.

## Torthaí ár gcuid oibre a thomhas níos fearr

In 2026, bainfimid na nithe seo a leanas amach:

- Ár gcur chuige píolótach maidir le tuairisciú bunaithe ar thorthaí a fhorbairt agus tástáil a dhéanamh air, spriocanna soiléire a leagan amach, uirlisí rianaithe simplí a úsáid agus athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar roinnt tionscadal píolótach, d'fhonn buntáistí agus tionchar ár gcuid oibre a léiriú.
- Leas a bhaint as teicneolaíochtaí bailiúcháin sonraí agus sreabhadh oibre ardteicneolaíochta chun tuairisciú ar thorthaí cigireachtaí, ar chinntí forfheidhmithe agus ar idirghníomhaíochtaí le páirtithe leasmhara a fheabhsú.
- Athbhreithniú a chríochnú ar sheachadadh ár Straitéise Daoine agus ár Straitéise Cumarsáide, príomhchuspóirí a thabhairt chun cinn don chéad timthriall straitéise eile, agus cuspóirí nua a bhreithniú chun tacú le seachadadh Ráiteas Straitéise 2025-2027 an Údaráis.

## Luach na hinfheistíochta a dhéantar sa teicneolaíocht a uasmhéadú

In 2026, bainfimid na nithe seo a leanas amach:

- Na céimeanna atá fágtha den ardán bainistíochta cásanna Córas a sheachadadh, lena dtugtar uathoibriú, feidhmiúlacht fheabhsaithe agus sreafaí oibre feabhsaithe isteach chun tacú le hoibríochtaí rialála.
- Úsáid a bhaint as uirlisí cigireachta soghluaiste-chumasaithe agus cumais mhapála geospásúla chun tacú le hobair allamuigh iargúlta, pleanáil a fheabhsú, sonraí riosca a léirshamhlú, agus maoirseacht ar láithreáin cheimiceacha agus ar limistéir rialaithe a fheabhsú.
- Córas Bainistíochta Caidrimh Cliant Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú agus uirlisí TF eile a fhorbairt chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a uasmhéadú.
- Réiteach TF a sholáthar agus a chur i bhfeidhm go rathúil chun tacú lenár ngníomhaíocht acmhainní daonna.



# 05 Ár dTionchar a Thomhas

**Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an tÚdarás in ann a léiriú go soiléir conas a chomhlíon sé a thosaíochtaí straitéiseacha agus conas a bhí tionchar dearfach aige. Chun an méid sin a dhéanamh beidh orainn tuairisciú a dhéanamh ar raon beart torthaí agus aschuir.**

Inár dTuarascálacha Bliantúla, déanaimid measúnú agus breithmheas ar chur i bhfeidhm ár gclár oibre bliantúla. Leanfaimid orainn ag tuairisciú na méadrachtaí aschuir sa tábla thíos agus na spriocanna gaolmhara mar a comhaontaíodh leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta inár gComhaontú Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta bliantúil. Déanfaidh an Bord tuarascálacha ráithiúla agus bliantúla a cheadú agus a chur faoi bhráid na Roinne.

Le tacaíocht ónár mBord, táimid tiomanta do chreat a fhorbairt chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcoinne torthaí straitéiseacha fadtéarmacha. Is rud casta é torthaí agus tionchar ár gcuid oibre a thomhas agus a thuairisciú, agus tógfaidh sé am dúinn creat oiriúnach agus éifeachtach a fhorbairt.

Bainfear amach cuid mhaith de na torthaí straitéiseacha atá uainn le linn thrí chlár oibre bliantúla de chuid thréimhse na straitéise, agus ina dhiaidh sin, agus beidh modhanna meastóireachta níos fadtéarmaí ag teastáil. Beidh gá le tionchar idirghabhálacha an Údaráis a chur san áireamh i meastóireachtaí freisin i gcomparáid le tosca tionchair eile. Cuirfear nuashonruithe ar fáil maidir leis an tionscadal chun creat tuairiscithe torthaí a fhorbairt i dtuarascálacha bliantúla amach anseo.

Cuspóir tábhachtach in 2026 is ea go gcuirfidh an tÚdarás tacaíocht shuntasach ar fáil d'Éirinn agus Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh á glacadh aici. Beidh ról lárnach ag an Údarás maidir le saineolas teicniúil agus tacaíocht a sholáthar don Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta. Táthar ag súil go mbeidh ualach oibre suntasach i gceist leis sin, go háirithe maidir leis an reachtaíocht atá le teacht maidir le ceimiceáin, agus mar sin, chun a chinntiú go mbeidh an Uachtaránacht chomh héifeachtach agus is féidir, díreofar cuid shuntasach d'acmhainní an Údaráis ar thacaíocht a thabhairt di.

| Méadracht sprice aschuir | 2026 |
| --- | --- |
| Cigireachtaí *(Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde)* | **11,550** |
| Cigireacht *(An tAcht Ceimiceán agus Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar)* | **900** |
| Measúnuithe Faireachais Margaidh *(Táirgí Ceimiceacha)* | **750** |
| Measúnuithe Faireachais Margaidh *(Táirgí Tionscail)* | **450** |
| Úsáideoirí nua BeSMART | **15,000** |
| Tuairim eolaíocha ullmhaithe do Choistí na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (GEC) | **6** |
| Cinntí creidiúnaithe (Iarratais nua) | **15** |
| Cinntí creidiúnaithe *(Creidiúnú atá ann cheana a athnuachan nó leathnú ar an raon feidhme)* | **420** |
| Cúrsa foghlama ÚSS tógtha | **65,000** |
| Imeacht arna reáchtáil ag ÚSS le linn Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh | **4** |

# Nótaí

# Ár bhfís:

## Saol oibre sláintiúil agus sábháilte a sholáthar agus cur le fiontair tháirgiúla

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

**Fón: 0818 289 389**

**www.hsa.ie**

Uimh. Choda 0546 an ÚSS

ISBN 978-1-84496-323-2